Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1182

18.6.2025

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1182 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17 Meitheamh 2025**

**lena mbunaítear rialacha mionsonraithe maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe a athscálú le tréimhse thagartha choiteann innéacs 2025 de bhun Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/792 creat comhchoiteann maidir le forbairt, táirgeadh agus scaipeadh na n-innéacsanna comhchuibhithe seo a leanas: an t-innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT), an praghasinnéacs comhchuibhithe tomhaltóirí ag rátaí cánach seasmhacha (ICPT-CS), an t-innéacs praghsanna tithíochta úinéir-áitithe (TÚÁ) agus an t-innéacs praghsanna tithe (IPT).

(2) Le hAirteagal 5(5) de Rialachán (AE) 2016/792 bunaítear 2015 mar thréimhse tagartha choiteann innéacs do na hinnéacsanna comhchuibhithe. Sonraítear in Airteagal 5(6) den Rialachán sin go ndéanfar na hinnéacsanna comhchuibhithe agus a bhfo-innéacsanna a athscálú le tréimhse tagartha choiteann innéacs nua gach 10 mbliana tar éis an athscálaithe dheireanaigh ó 2015 ar aghaidh. Dá bhrí sin, ní mór na rialacha mionsonraithe maidir leis an athscálú sin a shainmhíniú.

(3) Le hathscálú na sonraí arna dtarchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) cheana, ceanglaítear go ndéanfar amshraith iomlán na n-innéacsanna comhchuibhithe agus a bhfo-innéacsanna a fhreagraíonn don tréimhse tagartha choiteann innéacs roimhe sin a roinnt ar fhachtóir athscálaithe. Ba cheart do na Ballstáit na fachtóirí athscálaithe, ar cheart dóibh athscálú a dhéanamh ar na hamshraitheanna atá ann cheana, a ríomh agus iad a tharchur chuid an gCoimisiún (Eurostat).

(4) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3159 ón gCoimisiún ([2]) tugadh isteach athruithe ar thiomsú ICPT agus ICPT-CS maidir le haicmiú tomhaltais agus le cluichí áidh a áireamh a bhfuil feidhm acu maidir le tarchur na n-innéacsanna sin chuig an gCoimisiún (Eurostat) ón mí tagartha Eanáir 2026. Ar chúiseanna a bhaineann leis an gcostéifeachtúlacht agus chun a áirithiú nach gcuirfidh na hathruithe sin ualach suntasach breise ar Bhallstáit, bheadh sé iomchuí go gcuirfí an Rialachán sin i bhfeidhm go comhuaineach leis na hathruithe a thugtar isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3159.

(5) Tá na bearta a leagtar amach sa Rialachán sin i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Tréimhse tagartha choiteann innéacs nua**

1. Is í 2025 a bheidh mar thréimhse tagartha choiteann innéacs nua do na hinnéacsanna comhchuibhithe agus a bhfo-innéacsanna dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2016/792.

([1]) IO L 135, 24.5.2016, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/792/oj.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3159 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe a mhéid a bhaineann le haicmiú tomhaltais agus le cluichí áidh a áireamh, (IO L, 2024/3159, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3159/oj).

2. Cuirfidh na Ballstáit an tréimhse tagartha choiteann innéacs nua i bhfeidhm do na hinnéacsanna comhchuibhithe agus do na fo-innéacsanna, lena n-áirítear aon athbhreithniú sonraí, arna tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat):

(a) i gcás innéacsanna míosúla, ag tosú leis an innéacs d'Eanáir 2026 agus ar aghaidh;

(b) i gcás innéacsanna ráithiúla, ag tosú leis an innéacs don chéad ráithe de 2026 agus ar aghaidh.

*Airteagal 2*

***Athscálú na n-innéacsanna comhchuibhithe arna dtarchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) cheana***

1. Déanfaidh na Ballstáit tosca athscálaithe a ríomh le híosbheachtas go dtí an séú deachúil ar a laghad le haghaidh gach innéacs comhchuibhithe agus a bhfo-innéacsanna de réir na foirmle seo a leanas:

(a) i gcás innéacsanna míosúla

$$\text{fachtóir athscálaithe (go míosúil)} = \frac{\frac{1}{12}\sum_{m=1}^{12}\text{ChI}^{2015=100,m(2025)}}{100}$$

(b) i gcás innéacsanna ráithiúla

$$\text{fachtóir athscálaithe (go míosúil)} = \frac{\frac{1}{4}\sum_{q=1}^{4}\text{ChI}^{2015=100,q(2025)}}{100}$$

i gcás inarb amhlaidh:

is innéacs nasctha de chineál Laspeyres é $\text{ChI}^{2015=100,m(2025)}$ le haghaidh mí m den bhliain 2025, agus is é 2015 = 100 an tréimhse tagartha innéacs;

is innéacs nasctha de chineál Laspeyres é $\text{ChI}^{2015=100,q(2025)}$ le haghaidh ráithe q den bhliain 2025, agus is é 2015 = 100 an tréimhse tagartha innéacs.

2. Déanfar amshraith iomlán na n-innéacsanna comhchuibhithe agus a bhfo-innéacsanna, lena n-áirítear aon sonraí athbhreithnithe, a athscálú leis an tréimhse tagartha choiteann innéacs nua agus na fachtóirí athscálaithe dá dtagraítear i mír 1 á n-úsáid.

3. Déanfaidh na Ballstáit fachtóirí athscálaithe ríofa a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat):

(a) tráth nach déanaí ná an 21 Eanáir 2026, i gcás na n-innéacsanna míosúla;

(b) tráth nach déanaí ná an 30 Aibreáin 2026, i gcás na n-innéacsanna ráithiúla.

4. Úsáidfidh an Coimisiún na fachtóirí athscálaithe dá dtagraítear i mír 3 chun amshraith iomlán na n-innéacsanna comhchuibhithe agus a bhfo-innéacsanna arna tharchur ag na Ballstáit roimhe seo a athscálú.

5. I gcás athbhreithniú ar na hinnéacsanna comhchuibhithe agus ar na fo-innéacsanna d'aon tréimhse thagartha den bhliain 2025, a dhéanfar tar éis na dátaí a luaitear i mír 3, déanfaidh na Ballstát na fachtóirí athscálaithe nuashonraithe agus an amshraith iomlán bunaithe ar 2025 = 100 a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) gan mhoill míchuí.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meitheamh 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN